2 Meán Fómhair 2019

Cinneadh a eisíodh ar iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh forbairt cónaithe ag Halla an Chláir, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17.

Uimhir thagartha an cháis: ABP-304196-19

Tá cead tugtha ag an mBord Pleanála le haghaidh 132 aonad lena ligean ar cíos. Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 12 Aibreán 2019 agus cinneadh é ar an 19 Iúil 2019. San áireamh sa phróiseas iarratais bhí tréimhse chomhairliúcháin phoiblí a lean comhairliúchán réamhiarratais a rinneadh i gcomhar leis an mBord Pleanála agus leis an údarás áitiúil lena mbaineann.

Tá na príomhdhoiciméid a bhaineann le cinneadh an Bhoird (Tuairisc an Chigire, Ordú an Bhoird, Treoir an Bhoird) ar fáil mar seo a leanas:

- Cásleathanach le haghaidh ABP-304196-19

Gheofar treoir mhionsonraithe maidir le forbairtí straitéiseacha tithíochta d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ag www.pleanala.ie. Gheofar faisnéis bhreise ag bord@pleanala.ie.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe). Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Eolas ar Chásanna -- Athbhreithniú Breithiúnach ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie